# Mo vacsaín COVID-19 a fháil

VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí



Tá rud ann darb ainm COVID-19 ar féidir leis breoiteacht a chur ar leanaí. Tugtar an coróinvíreas air uaireanta.




B'fhéidir go gcaillfimis laethanta scoile agus nach bhfeicfimis ár gcuid cairde mar gheall air.



Tá an vacsaín COVID-19 faighte ag go leor leanaí agus daoine fásta cheana féin.




Déanann vacsaíní COVID-19 a gcuid féin le nach n-éireoimis go dona tinn leis an víreas.



Déanann vacsaíní a gcuid féin le cosc a chur ar scaipeadh COVID-19 – rud a choinníonn níos sábháilte muid ar fad.



Téim le mo vacsaín COVID-19 a fháil.



Tagann duine fásta in éineacht liom le mo vacsaín a fháil agus fanann sí liom an t-am ar fad.



Is féidir liom leabhar, teidí nó bréagán a thabhairt liom. Is féidir liom mo chosantóirí cluas nó mo chluasáin a thabhairt liom chomh maith.



Agus mo sheal ann, is féidir liom suí ar ghlúin an duine fhásta atá in éineacht liom más mian liom é sin a dhéanamh.



Seans go mbeadh masc aghaidhe á chaitheamh ag baill foirne agus ag daoine fásta. B'fhéidir go n-iarrfaidís ormsa masc aghaidhe a chaitheamh freisin. Is ar mhaithe liomsa agus leis na daoine thart orm atá sé sin.



Tá an-chuid eolais ag an duine a bheidh ag tabhairt na vacsaíne dom agus is féidir liom ceisteanna a chur uirthi.



Agus mé réidh, faighim instealladh gasta i mo lámh nó i mo chos. Seans go mbraithfidh mé priocadh beag.



Tar éis dom mo vacsaín a fháil, iarrfar orm fanacht tamall beag.



Ansin tá sé in am againn imeacht agus dul abhaile.



Agus mé sa bhaile arís, b'fhéidir go mbraithfinn te nó tuirseach nó go mbeadh tinneas cinn orm. B'fhéidir go mbeadh mo lámh nó mo chos beagán pianmhar chomh maith.



B'fhéidir go dtabharfadh duine fásta cógas dom le go n-aireodh mé ní b'fhearr.



Leanaí atá idir 6 mhí agus 4 bliana d'aois, faigheann siad 3 instealladh. Leanaí atá 5 bliana d'aois nó os a chionn, faigheann siadsan 2 instealladh. Rachaimid chuig an ionad vacsaínithe arís nuair a bheidh sé in am agam mo chéad vacsaín eile a fháil.



Toisc go bhfuil an vacsaín COVID-19 faighte againn, táimid ag déanamh ár gcion féin le gach duine a choinneáil slán sábháilte.

**Le tuilleadh eolais a fháil ar COVID-19, téigh chuig hse.ie**
**Le tuilleadh eolais a fháil ar thoircheas agus ar shláinte leanaí agus lapadán, téigh chuig mychild.ie**